Téacs an Caibidil den Páipear Bán fa'n Ġaeltaċt

Ó foillsíoḋ é scríoḃaḋ a lán fá'n Ṗáipéar Ḃán in AMÁRAĊ agus mí-ṡásaṁ an moṫú ba laidre ann. Scríoḃfar a lán eile agus tá ċuile seans gur mí ṡásaṁ an t-aḃar is mó a ḃéas ann. Ṫugamar ċeanna aṫċuinne caibideal na Gaeltaċta agus measaimíd go raiḃ an teolas ansin réasúnta cruinn. Aċ ar eagla aon claonaḋ nó easba agus ós rud go ḃfuil beaṫa nó bás na Gaeltaċta ag braṫ air, foillseoḟar anseo ina ċoda téacs bunaiḋ an caibidil agus tig le pobal na Gaeltaċta a mbreiṫ féin a ṫaḃairt air.

FORBAIRT EACNAMAÍOCH

90. Faoi mar a léirítear sa réamhrá don Pháipéar Bán seo, measann an Rialtas nach foláir an Ghaeltacht a chaomhnú agus a neartú chun go bhféadfar an Ghaeilge a shlánú. Is é aidhm atá le beartas an Rialtais don Ghaeltacht gníomhaíochtaí oiriúnacha eacnamaíocha a spreagadh agus a fhairsingiú agus cúrsaí sóisialacha a fheabhsú ionas go mbeidh deiseanna leormhaithe ag na daoine a chónaíonn sa Ghaeltacht, agus arb í an Ghaeilge a ngnáthurlabhra, chun fostaíocht shochrach a fháil agus caighdeáin réasúnta mhaireachtála a bheith acu.

91. Tá tuairim 1,860 míle cearnach, níos lú ná 6% de chlár talún na hÉireann, sa Ghaeltacht mar a mhínítear í le hOrdú na Limistéirí Gaeltachta, 1956. Ní aonghné í; gabhtar inti ceantair atá scaipthe i bhfad ó chéile i gcontaetha áirithe feadh an chósta Thiar (Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí), Corcaigh, agus ceantar (An Rinn) i gContae Phort Láirge. Taispeántar na ceantair sin (agus coilíneachtaí na Mí) ar an léarscáil a ghabhann leis seo. Tá 142 Thoghroinn Cheantair luaite in Ordú na Limistéirí Gaeltachta ach is féidir iad sin a thabhairt le chéile i gceann agus fiche d'aonaid réasúnta dlúth a bhfuil difríocht mhór eatarthu ó thaobh fairsinge agus líon daoine. Taispeánann Tábla I achar agus daonra na Gaeltachta i ngach ceann de na sé chontae atá i gceist agus taispeánann sé freisin, laistigh de gach contae ar leith, achar agus daonra na n-aonad Gaeltachta.

SLÍ BHEATHA

92. Bhí 27,282 san iomlán (.i. 22,450 fear agus 4,832 bhan) ag obair sa Ghaeltacht i 1961. Bhí beagnach trí cheathrú de líon an lucht oibre ag gabháil don talmhaíocht, i gcomparáid le 36% sa Stát i gcoitinne. Bhí timpeall 5% ar fostú i ndáil le tionscail déantóireachta; agus bhí os cionn dhá thrian díobh siúd ar fostú ag Gaeltarra Éireann. De réir Dhaonáireamh 1961 bhí 2,684 ann, i.e., 9% de líon iomlán na n-oibrithe, a dhearbhaigh iad féin a bheith "as obair." Bíonn cuid mhaith breacfhostaíochta ann, tráthanna áirithe gach bliain, i gcás feirmeacha beaga sa Ghaeltacht, faoi mar a bhíonn i gceantair tuaithe eile. Mar gheall air sin, tá cúnamh dífhostaíochta á íoc le feirmeoirí beaga a mheastar a bheith dífhostaithe agus a chomhlíonann coinníollacha áirithe cáiliúcháin; i gcás daoine nach mó ná £4 an luacháil atá orthu, is féidir íocaíocht a dhéanamh eo ar feadh na bliana ar fad —más mó na £4 an luacháil ní dhéantar íocaíocht ach ar feadh tréimhse 18 sheachtain idir Mí na Samhna agus Mí Márta. I 1963 bhí cúnamh dífhostaíochta á fháil ag 4,572 duine sa Ghaeltacht, i gcomparáid le 1,235 a raibh sochar dífhostaíochta á fháil acu.

TALMHAÍOCHT

93. Áirítear beagnach 80% d'achar iomlán na Gaeltachta mar "thalamh eile" i.e., talamh sléibhe, portach agus riasc. Tá cuid mhaith den talamh sin oiriúnach, áfach, le hagaidh féaraigh agus, faoi mar a luaitear anseo thíos, tá sé ríthabhachtach go mbainfí tairbhe níos fearr as. Tá difríocht mhór sa chionúireacht den "talamh eile" atá sna Gaeltachtaí éagsúla; 24% an chionúireacht sa Rinn agus os cionn 90% i nGaeltacht Charna-Ros Muc. Tá géar-chúngracht talún i ngach aon cheantar beagnach. Is é 12.7 an meánlíon acraí "talmhaíochta", i.e., barraí agus féarach, in aghaidh gach duine atá ag gabháil don talamhaíocht sa Ghaeltacht, i gcomparáid le 29 sa Stát ar fad. Bíonn athrú mór ar an bhfigiúr sin laistigh den Ghaeltacht. 5.4 an figiúr do Ghaeltacht Charna-Ros Muc, i gcomparáid le 47.8 don Rinn.

94. Bhí 12,172 fheirmeoir sa Ghaeltacht i 1961 agus, ina dteannta siúd, 4,266 sealbhóir talún nach í an fheirmeoireacht ar fad nó go formhór is slí bheatha dóibh. Gabháltais faoi bhun 15 acra a bhí ag díreach os cionn leath na bhfeirmeoirí, agus gabháltais idir 15 agus 30 acra a bhí ag beagán thar an gcúigiú cuid. Tríd is tríd, bhí gabháltais faoi bhun 30 acra ag 72% de na feirmeoirí; d'athraigh ar an gcéatadán ó 15 i nGaeltacht Chorcaí go dtí 92 i nGaeltacht Mhaigh Eo. 40 an céatadán comhréire don Stát i gcoitinne.

95. Baineann éagsúlacht mhór freisin leis an gcineál feirmeoireachta a chleachtaítear. Go ginearálta, tá sé ar aon dul i nGaeltachtaí na Rinne, Mhúscraí agus Bhaile an Chláir leis an gcineál atá á chleachtadh ar fud an chontae uile —curaíocht mheasctha agus déiríocht. Sna ceantair eile ar fad is tógáil stoic, ar a n-áirítear caoirigh agus beithígh a choimeád ar féarach ar chimín sléibhe, an cineál feirmeoireachta is coitinne. Ina lán cásanna bíonn teacht isteach breise de shórt éigin ag daoine—airgead a shaothraítear ar an iascaireacht, sochair leasa shóisialaigh, brabach as an gcuartaíocht, cúnamh ó eisimirceoirí, fostaíocht ag an gComhairle Contae nó ag Rannán na Foraoiseachta nó ag comhlacht poiblí eile.

TITHÍOCHT

96. Bhí 18,669 dteaghlach príobháideacha sa Ghaeltacht i 1961. Toisc deontais speisialta a bheith ar fáil tá caighdeán tógála na dtithe níos fearr, tríd is tríd, ná mar atá sé i gceantair tuaithe eile. Bhí uisce-sholáthar píopaithe ag tuairim 19% de na tithe, agus leictreachas ag 72% díobh.

CÚNAMH STÁIT

97. Tugtar léiriú sa réamhrá don Pháipéar Bán seo ar an mbeartas ginearálta atá mar bhunús don chúnamh Rialtais. An cúnamh Stáit atá ar fáil ar mhórán bealaí don tír uile ar mhaithe leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialach, tá sé ar fáil freisin sna ceantair Ghaeltachta; baineann an cúnamh sin le talmhaíocht, tionsclaíocht, cuartaíocht, foraoiseacht, iascaireacht, títhíocht, seirbhísí sláintíochta, leictriú na tuaithe, etc. na theannta sin ullmhaíodh córas uileghabhálach deontas d'fhonn riaradh ar fhadhbanna speisialta na Gaeltachta, agus tá deontais eile a bhfuil feidhm leo ar fud na tíre uile iníoctha ar ráta níos airde sa Ghaeltacht. Tugtar coimriú sna míreanna ina dhiaidh seo ar na deontais sin (agus tá liosta díobh san Aguisín).

98. Is é Gaeltarra Éireann an gléas is mó tábhacht ag an Rialtas chun cúnamh a chur ar fáil. Bord reachtúil é sin a bhfuil 34 lárionad aige, istigh sa Ghaeltacht nó gairid di, chun bréidín, earraí cniotáilte, bróidnéireacht agus bréagáin a tháirgeadh. Tá breis is £1 milliún caipitil (gan aon ús iníoctha i leith £700,000 de) curtha ar fáil ag an Rialtas dó, agus faigheann an Bord freisin deontas-i-gcabhair bliantúil de thuairim £100,000 i leith a chaillteanas oibriúcháin. Tá fostaíocht lánaimsire á cur ar fáil do thimpeall 760 agus fostaíocht pháirtaimsire do 1,000, beagnach.

99. Is ag an Stát atá tromlach na scaireanna in Arramara Teoranta, comhlacht a chuireann fostaíocht ar fáil do thimpeall 50 duine i ndáil le próiseáil feamainne agus a thugann fostaíocht pháirtaimsire do 1,000 bailitheoir feamainne ar chósta an Iarthair.

100. Seo a leanas modhanna eile ar a dtagann an Rialtas i gcabhair ar an nGaeltacht:

Talmhaíocht:
deontais mhéadaithe nó deontais speisialta le haghaidh scéimeanna Thionscadal na Talún, foirgneamh feirme, feabhsú féaraigh agus tógáil muc.

Tithíocht:
deontais mhéadaithe i leith tógáil atógáil tithe agus i leith seirbhísí sláintíochta.

Oideachas:
deontais níos fearr i leith tógáil agus leathnú meánscoileanna agus Coláistí Gaeilge agus i leith scoláireachtaí; deontais i leith costais iompair chuig meánscoileanna agus gairmscoileanna.

Cuartaíocht:
deontais do bhrúnna agus seallaí saoire, chun tithe príobháideacha a mhéadú le haghaidh cuairteoirí, agus i leith bóithre do lucht cuartaíochta; deontais do dhaltaí a chaitheann tréimhsí sa Ghaeltacht.

Saoráidí:
deontais le haghaidh hallaí siamsa agus le haghaidh imeachtaí éagsúla lúthchleasaíochta agus cultúir.

Deontais Cheannsraithe:
£5 in aghaidh na bliana do gach leanbh scoile a labhraíonn an Ghaeilge mar ghnáththeanga; tá sé sin á ardú go dtí £10 anois.

101. Idir na scéimeanna a bhfuil feidhm leo sa Ghaeltacht amháin agus na scéimeanna ginearálta a bhfuil sochar níos le fáil fúthu i gcás na Gaeltachta, caitheadh £500,000, beagnach, sa Ghaeltacht i 1963/64; agus ní áirítear sa mhéid sin na deontais speisialta le haghaidh bóithre cuartaíochta. Dá ndéantaí an caiteachas sa Ghaeltacht ar na scéimeanna uile cúnaimh Stáit a chur san áireamh, bheadh an t-iomlán cuid mhaith níos airde ná an tsuim sin. Tá raon leathan ag na scéimeanna cúnaimh Stáit i láthair na huaire agus, faoi mar a dúirt an Coiste Idir-Rannach um Fhadhbanna na bhFeirmeacha Beaga san Iarthar (Pr. 7616), ceann de na nithe is mó atá le déanamh is ea na feirmeoirí a spreagadh chun tairbhe a bhaint as a bhfuil ar fáil dóibh cheana féin de dheontais, d'iasachtaí agus de chineálacha eile cúnaimh ó ghníomhaireachtaí éagsúla de chuid an Stáit.

Caiṫfear gníoṁ a ḋéanaṁ go tobann tapaiḋ

Ard Easpog agus Easpoig an Iarṫair ag Seasaṁ le Coiste Cosanta

"Tá an géarġá ann agus an méid atá le déanaṁ ní mór é a ḋéanaṁ go tapaí. Aṫċuinim ar ṗobal an Iarṫair cabrú leo féin tré ṡeasaṁ go daingean ar ċúl an Ċoiste. Ná bíoḋ easaontas ar biṫ. Má ṡeasaíonn siḃ le ċéile tig liḃ, fiú ag an aonaḋ uair déag seo, an t-Iarṫair a ṫarṫáil," adúirt Tiarna Easbog Aċaḋ an Rí, an Doċtúir Sár-Oirṁinneaċ Mac Feargusa, agus é ag caint ag cruinniú "Cosaint an Iarṫair" ins an Memorial Hall, Béal Easa, Dia Doṁnaiġ nuair a toġaḋ Coiste sealadaċ de do Ṁuiġeo de luċt "Cosanta an Iarṫair."

I láṫair coṁ maiṫ ḃí Tiarna Easbog Ċill Alaiḋ, An Doċtúir Ró-Oirṁinneaċ Ó Baoill. Ḃí an cruinniu ar an ċeann a ba díograsaí a ḃí ann go fóill de Ċoiste Cosanta an Iarṫair agus ḃí an halla coṁ lán naċ raḃ spás do ċuid de na teaċtaí.

Ḃí ionadaiṫe ó eagras darḃ ainm "Scéim na gCeardċumann" ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ i láṫair agus i láṫair coṁ maiṫ ḃí an Doċtúir H. Cpain, Leas Ceann Roinn Talṁaíoċta.

Tugaḋ an ḃualaḋ bos don Aṫair Séamas Mac Duiḃir, S.C., Gleann Ċolmcille, nuair a ṫáinig sé isteaċ san halla ⁊ ċuaiġ ar an ardán imeasc céimiṫe Eaglaise agus baill an Ċoiste.

Ċuir an Doċtúir Ó Feargusa fáilte roiṁ na teaċtaí agus ċuir sé a mbuíoċas in iúl don Aṫair Mac Duiḃir a ṫáinig ċuig an Iarṫar ar a gcuireaḋsan ar níos mó ná ócáid aṁáin.

Ag leanúint, dúirt an Tiarna Easbog: "Tá Ard Easbog agus Easboig an ċeanntair Ṫiar go daingean taoḃ ṫiar den ġluaiseaċt seo. Tá imní orṫa an pobal a ḟeiceáil á nglanaḋ amaċ."

Deir a Ġrása, an tArd Easbog: "Tá coṁḃaiḋ iomlán agam le cuspóir an ċruinniṫe" agus ḃí litir aige, adúirt sé, ó Easbog Ailfinn coṁ maiṫ. Ba é cuspóir an ċruinniṫe nó bunaḋ oifigiúil ar ċoiste Cosanta an Iarṫair agus oifigiġ a ṫoġaḋ le gníoṁaíoċt a stiúraḋ.

"Sé an rud atá i gceist annseo," a lean an Tiarna Easbog, "nó bás nó beaṫa na ḃfeilmeaċa beaga Iarṫaraċ. Ní h-áiḃéil ar biṫ é seo. Le ceaṫrú céad bliain tá an t-Iarṫar a ḃánú, ag cailleaḋ a ḃeaṫa fíor agus a ṁaoin fíor. Taḃair aire do na fíorais. De ṫairḃe mo Ḋíoġóise féin, leaṫ de i gConḋae Ṁuiġeo agus leaṫ i gConḋae Ṡliġiġ. Le trioċa bliain anuas, agus go h-áiriṫe ó ḋeireaḋ an ċoġaiḋ ċaill an díoġóise seo an ceaṫrú cuid dá ṗobal. D'ísliġ uiṁir bliantúil na mḂaisteaḋ 40 p.c. agus pósṫaí 50 p.c. Ní ḟeicim coṁarṫa ar biṫ naċ ḃfuil seo a' leanstan. Ní raḃ a leiṫéid de ḃánú tubaisteaċ ins an daonraḋ san Iarṫar ón Ġorta Ṁóir agus a ḃí ins na tréiṁsí ón ċoġaḋ deireannaċ. Mur ndéantar rud éigean go tobann agus go tapaiḋ beiḋ tarraingaireaċt an 'London Times' aimsear na Gorta ag teaċt isteaċ fíor agus beiḋ Éireannaċ coṁ gann i gConnaċt le Indiaċ Dearg ar Ṁanhattan.

Glacann cor ḋuine no roinnt daoine leis an staid seo agus deir siad gur fearr go mbeaḋ Cúige ann a ḃfuil an pobal imiṫe as san dóiġ go mbeiḋ beaṫa níos fearr ag an ḃeagán atá fágṫa. Sin é an polasoí a ḃí ag na tiarnaí talaiṁ aimsear na Gorta agus tá droċ ċáil orṫa ariaṁ ó ṡoin mar ġeall air. Níl an imirce seo do-ṡeaċanta. Is féidir dlíṫe ecnamiceaċ a stiúraḋ agus ba ċeart iad a stiúraḋ nuair a ní siad doċar di coiṁṫionóil. Cé'n faṫ naċ ndéanfaí cosaint ar ċoiṁ-ṫionóil ḃeaga an Iarṫair i gcoinne ġníoṁaḋ na ndlíṫe ecnamaiceaċ seo san tslí céanna agus a níṫear cosaint ar oibriṫe tionsclaċ, nó an é naċ fiú na coiṁṫionóil ḃeaga feilméireaċta seo a ċosaint?

Ba é an obair a ḃeaḋ ag an ċoiste cosanta na na daoine a eagrú i gcoṁair ċumainn lena gcoinníollaċa beaṫa a feaḃsú agus le cinntiu go ḃfanfaḋ an t-Iarṫar ann. Ḃeaḋ siad ag súil le cuid mór ón Rialtas a rinne cuid ṁaiṫ ċeana agus a ġeall go ndéanfaḋ siad tuille, aċ ḃí géar ġá ann agus an rud a ḃí le déanaṁ ċaiṫfí é á ḋéanaṁ go tapaiḋ.

Ḃí an bun riaċtanas práinneaċ fá ċoinne cosaint an Iarṫair ins an ṗlean a ḃí acu-san, adúirt an tAṫair Mac Duiḃir agus san am i láṫair ḃí an tIarṫair ag cailleaḋ a ḃeaṫa go tapaiḋ. Ċaiṫfí an talaṁ a ḋéanaṁ coṁ torṫúil. tairgiúil agus a d'ḟéidir agus a lán tionscail ḃeaga a ḃunú ins na bailte aċ ní ḟéadfaí seo a ḋéanaṁ muna mbeaḋ an Rialtas sásta i ḃfad níos mó capital a ċur isteaċ ins an ġnó agus go mbeaḋ na daoine sásta an dul ċun cinn seo a ṡaoṫrú frío coṁair iarraċt, i ḃfad níos mo coṁair iarraċt, adúirt sé. Aċ de réir, adúirt sé, mar a ḃeaḋ daoine ag déanaṁ iarraċt cabrú le na muinntir ḃeaḋ daoine eile ag déanaṁ magaiḋ agus fonóid daofa le na naṫan cainte. "Is sagart pobail mise, ní h-é aṁáin adeir aċ a ċruṫaiġ go dtig lenar muintir a ḃeiṫ beo go sócalaċ ar ḟeirmeaċa de luaċáil íseal agus ba ḃeag duine in Éirinn Airí nó éinne eile a ḃí beo níos closáilte de faiḋbeanna na ḃfeirmeaċa beaga." Aċ nuair a leiġ sé na focla misniúla ó'n Aire Talṁaíoċta ḃain sé an searḃas as a ċroí.

Laḃair Easbog Ċill Alaiḋ, An Doċtúir Ó Baoill, freisin. Ḃí laġdú an mór i dpobal an Iarṫair le fiċe bliain anuas. Ní ḃfuair na condaeṫe Iarṫaraċa, adúirt sé, a sciar ceart den dul 'un cinn nó forbairt náisiúnta.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

...Tá Pádraig Ó Siail, as an Ard Ḃán, a ḃfuil aiṫne air agus eolas fá dtaoiḃ de ar fud na hÉireann uiliġ, go h-áiriṫe fá na cóstaí mar iascaire, captaen soiṫiġ, seanċaí ar ḟeaḃas agus trodaí tréan ar son a ṫíre i ndubhlaíoċt na réaḃlóide os cionn ḋaiċead bliain ó ṡin, tá áḋ éisc agus eallaiġ air. Ḃí sé ar aonaċ an Ċeaṫrú Caoil i ndeireaḋ na seaċtaine agus fuair £72 ar ċeann d'a ṫréad gearraḃarcaċ; bó ar ḋóiġ a ḃí inti. Tairgeaḋ noċa ngine do Den Ó Luaḋóg ar ḃearraċ inlaoiġ, ceann a ċeannaiġ sé ina gaṁain ón Ṁáistir Seaic Mac Ṗáidín, príoṁ-oide scoile Ḋoire a' Ċasáin, a ḃfuil bó luaċṁar ḟolaíoċta de ċine na ḃFreaslannaċ (Friesian) aige le dornán bliantaċ.

Coṁġáirdeas le Áine Denis, bean Éamoin D. A. Uí Ġallċoḃair, O.S., as na Dúnaiḃ, de ṫairḃe go ḃfuil post seasṁaċ múinteoireaċta faiġte aici i ndeas de Ard a' Ráṫa — agus teaċċónaiṫe fosta: an t-áras breá sin, Ard Ṁuire, a ṫóg Rois Nic Giolla (iar-oide i nDoire a' Ċasáin) tráṫ ċuaiġ sí ar pinsean ṫart fá fiċe bliain ó ṡin.

Caisleán Gearr

Tá an tAṫair Antoine Hoade, a bíoḋ ag imirt do Cumann an Aṫar Uí Ġríofa nuair a ḃí sé ina ṁacléinn i gColáiste Naoṁ Ċiarán, Cill Ċoinniġ, 11 bliain ó ṡin, agus atá anois insan Astráil, ag taḃairt corn fá ċoinne an imrireoir is fearr gaċ bliain, in Cumann an Aṫar Uí Ġríofa.

"Cé gur buaileaḋ sinn in 1964 is fearr linne an cluiċe a imirt mar is ceart ná an ḃua a ḃeiṫ againn," adúirt Séamas Ó Duḃgáin, Rúnaí Cumann Liam Uí Ṁaoilíosa, ag cruinniú cinnḃliana an Ċumann Iomána, ina ṫuairisc bliantúil.